


GCSE



CCEA GCSE Context for Learning 1

Gaeilge

Comhthéacs 1:

An Duine Aonair sa tSochaí



Comhthéacs 1: An Duine Aonair sa tSochaí

Ábhar: Saol na Scoile agus an eispéireas scoile a bhíonn ag daltaí sa lá atá inniu ann.

Torthaí Foghlama


San aonad seo, ba chóir go mbeifeá ábalta;

- Eolas a thabhairt faoin scoil, mar shampla stair na scoile agus na háiseanna atá inti;
- Eispéireas scoile an dalta agus taithí phearsanta maidir leis an Ghaeloideachas a phlé;
- Na hábhair a roghnaigh tú ag leibhéal GCSE a phlé agus barúlacha a léiriú díobh
- Labhairt faoi na buntaistí agus na míbhuntaistí a bhaineann leis an scoil s'agat;
- An Gaeleoidéachas agus an córas oideachais ó thuaidh a fhiosrú agus do chuid taighde a léiriú;
- Tuiscint a chothú maidir le brú agus fadhbanna a bhaineann le cúrsaí scoile an lae inniu.

Tobsmaoineamh

Cén tuiscint atá agat ar do scoil?

TASC 1: Déan plé sa rang ar na pointí seo a leanas. Scríobh do chuid freagraí sna boscaí.



An Gaeloideachas


‘Dátheangach’, ‘Scileanna labhartha’, ‘Cumarsáid’, ‘Cultúr’, ‘Traidisiún’, ‘Teanga dhúchais’, ‘Gaelscoil’, ‘Naíscoil’, ‘Bunscoil’, ‘Meánscoil’, ‘Sruth Gaeilge’, ‘Gaelscolaíocht’ ‘Tumoideachas’ (*rud ar bith eile?*)

TASC 2: Amharc ar an léaráid thuas agus déan plé air. Lión isteach an phróifíl thíos chun do thaithí féin ar an Gaeloideachas a léiriú.

| | |
|---|-------|
| | Eolas |
| Ainm: | |
| Naíscoil: | |
| Bunscoil: | |
| Iar-bhunscoil: | |
| Tabhair giota eolais faoi do thaithí sa Gaeloideachas go dtí seo: | |

TASC 3: Obair ghrúpa

Déan plé ar na buntáistí a bhaineann leis an Ghaeloideachas a phlé agus líon isteach an léaráid thíos.



TASC 4: Bain úsáid as na suíomhanna thíos chun staitisticí a bhaineann leis an Ghaeloideachas agus leis an chóras oideachais ó thuaidh a léiriú.

www.deni.gov.uk

www.comhairle.org

www.qub.ac.uk

www.ulster.ac.uk

| Foinse | An méid a fuair mé amach agus mo bharúil air. |
|--------|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

TASC 5: Léigh agus déan na cleachtaí a leanas.

Eispéireas Scoile

Is ar éigean a théann lá tharainn nach mbíonn díospóireacht ann maidir le cúrsaí oideachais sa Tuaisceart. Níl aon amhras ann ach go gcuireann cáilíochtaí maithe deiseanna ar fáil do na daltaí sa todhcháí. Bíodh sin mar atá, is léir don dall go bhfuil gnéithe eile den saol chomh riachtanach céanna le scoil, scrúduithe agus staidéar.

Tá sé de dhualgas orainn ár machnamh a dhéanamh ar an tionchar a imríonn stíl mhaireachtála ar ábaltacht na ndaltaí a ndícheall a dhéanamh ar scoil. Bíonn sláinte mheabhrach agus sláinte fhisiciúil go mór i mbéal an phobail na laethanta seo ach ní dóigh liom go dtuigeann ógánaigh an lae inniu an tionchar a imríonn stíl mhaireachtála ar eispéireas na scoile s'acu.

De réir na saineolaithe, ba chóir dúinn tríocha bomaite d'aclaíocht a dhéanamh ar bhonn laethúil agus aiste bia oiriúnach bheith againn. Is dócha go bhfuil sé sin indéanta, nach bhfuil? Ar an drochuair áfach, is cinnte nach bhfuil gach scoláire ag leanúint na ndea-nósanna seo.

Samhlaigh gur dalta scoile thú a bhfuil cónaí ort i bhfad ar shiúl ón scoil. B'fhéidir go mbeadh ort éirí go luath agus uair a chloig a chaitheamh ar an bhus chun na scoile ar maidin. Ina dhiaidh sin, bíonn lá fada scoile le déanamh agat, obair bhaile le déanamh agus cúpla uair an chloig staidéir ar a bharr.

Dá mbeadh an t-ádh ort, thiocfadh leat bualadh le do chairde go sóisialta taobh amuigh den scoil nó caitheamh aimsire a chleachtadh. Is é mo thuairim féin go bhfuil freagracht ar na scoileanna bainistiú ama a phlé lena ndaltaí, ionas go mbeidh siad in ann a gcuid scileanna féin eagraithe a fhorbairt.

1 Aistrigh an sliocht go Béarla.

2 (a) Cén fáth, dar leat féin, ar scríobh an t-údar an t-alt seo? Cad é a bhí sé ag iarraidh a chur in iúl?

(b) Cén sórt duine a scríobh an t-alt seo, i do bharúil?

(c) An aontaíonn tú leis an dearcadh atá ag an scríbhneoir? Mínigh do fhreagra, ag déanamh tagartha don taithí phearsanta atá agat ar an ábhar seo.

(d) Déan liosta de na focail úra a d'fhoghlaim tú ón alt seo. Déan plé orthu agus an dóigh a dtiocfadh leat úsáid a bhaint astu agus tú ag scríobh faoi d'eispéireas scoile féin.

| | | |
|--|--|--|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

TASC 6: Léamhthuisint ar an scoil: sampla agus ceisteanna.

Tá mé ag cur tús le Bliain 11 faoi láthair agus caithfidh mé a rá go bhfuil athrú mór ann ó Bhliain 10. Tá mé ag tabhairt faoi na scrúduithe GCSE i mbliana agus beidh orm luí isteach ar an obair láithreach bonn.

Tá aon ábhar déag idir chamáin agam ag leibhéal GCSE. Ní raibh an dara rogha agam maidir le cuid acu mar is ábhair éigeantacha iad, ach bhí mé in ann Corpoideachas agus an Spáinnis a roghnú. Le fírinne, ní chuirfeadh sé iontas ar dhuine ar bith go roghnóinn Corpoideachas, de bhrí gur duine spórtúil mé agus go dtuigim an tábhacht a bhaineann le sláinte.

Is beag lá nach mbím ag déanamh aclaíochta de chineál éigin agus is fíor a rá go gcuireann sé ar mo shuaimhneas mé. Bíonn codarsnacht idir Corpoideachas agus cuid de na hábhair eile chomh maith agus taitníonn sin go mór liom. Ar a bharr sin, tá mé i mo bhall d'fhoireann camógaíochta na scoile agus bhain muid comórtas Ulaidh anuraidh.

Shocraigh mé ar an Spáinnis mar bhí dúil agam sna teangacha i gcónaí. Ba ghnách liom dul chun na Spáinne le mo theaghlach nuair a bhí mé níos óige. Tá mo chroí istigh sa Ghaeilge dar ndóigh agus thosaigh mé ag foghlaim trí mheán na Gaeilge agus mé i mo thachrán ar an naiscoil áitiúil.

Ar aghaidh liom go dtí an bhunscoil ina dhiaidh sin agus faoin am sin bhí mé sáite sa Ghaeilge. Tá taighde déanta ag saineolaithe a deir go mbíonn buntáiste ag daltaí dátheangacha ó thaobh na foghlama de agus aontaím go mór leis sin.

Ní féidir a shéanadh go mbíonn buntáistí agus míbhuntáistí ag baint le gach scoil agus ní eisceacht í an scoil s'againne. I dtaca le buntáistí, bíonn áiseanna den chéad scoth againn den chuid is mó. Tá feabhas tagtha ar na seomraí ríomhaireachta le cúpla bliain anuas agus tá na háiseanna spórt mar a d'iarrfadh do bhéal iad a bheith. Ar an taobh eile den scéal áfach, níl an leabharlann thar mholadh beirte agus tá caint ann go ndéanfar athchóiriú uirthi go luath.

Le bheith ionraic, tá mé idir dhá chomhairle faoin tslí bheatha is fóirsteanáí dom féin sa todhchaí. Is léir go mbeidh mé ag leanúint ar aghaidh leis an Ghaeilge tar éis na scrúduithe GCSE agus Ardleibhéal mar go mbainim an oiread sin taitnimh agus tairbhe aisti. Tá mé ag déanamh gur mhaith liom a bheith i mo mhúinteoir Gaeilge ach beidh go leor ama agam chun cinneadh a dhéanamh amach anseo.

Ceisteanna

(a) Cén fáth ar roghnaigh an dalta seo Corpoideachas?

(b) Cén dóigh a bhfuil a fhios againn gur duine aclaí í?

(c) Mínigh an fáth gur roghnaigh sí Spáinnis.

(d) Cá huair a thosaigh sí a fhoghlaim trí Ghaeilge?

(e) Cad a deir na saineolaithe maidir leis an dátheangachas, dar léi?

(f) Ainmnigh buntáiste amháin agus míbhuntáiste amháin a bhaineann lena scoil.

(g) I mbeirteanna, déanaigí plé ar bhur dtaithí scoile féin;

- Cad iad na hábhair scoile is fearr leat agus cad chuige?
- An bhfuil ábhar scoile ar bith nach dtaitníonn leat? Mínigh cén fáth.
- Cad iad na buntáistí agus míbhuntáistí is mó a bhaineann le do scoil féin?

TASC 7 (a): Le plé


Amharc ar na pictiúir thíos agus déanaigí plé orthu mar rang.



All images © thinkstockphotos.co.uk

TASC 7 (b): Le plé

Amharc ar na pictiúir thíos agus déanaigí plé orthu mar rang.



All images © thinkstockphotos.co.uk

TASC 8: Déan iarracht an tábla a leanann a comhlíonadh.

Buntáistí a bhaineann leis an scoil

Míbhuntáistí a bhaineann leis an scoil

TASC 9: Scríobh óráid ~~idir 300-500 focal~~ ar an rún seo a leanas;

'Is aoibhinn beatha an scoláire?'

Úsáid an Ghaeilge is fearr atá agat. Déan iarracht frásaí agus nathanna cainte a d'fhoghlaim tú sa rang a úsáid agus bí cúramach leis an litriú agus leis an ghramadach. Cuideoidh an fráma scríbhneoireachta chun smaointe a thabhairt duit.

Intreoir

Mínigh an rún atá le plé agat agus **léirigh do bharúil** air.

Dia daoibh a chathaoirligh, a mboltóirí agus a chairde...

Ar an chéad dul síos...

Is é an rún atá le plé againn ná...

I dtús báire...

Deirtear go bhfuil...

Is iad na fíricí ná...

Caithfidh mé a rá nach n-aontaím leis an ráiteas seo ar chor ar bith...

Is léir don dall go bhfuil an ráiteas seo fíor.

Níl ambras ar bith ann...

Ní féidir a shéanadh

Alt 2

Tabhair giota eolais faoin eispéireas scoile atá agat. Mínigh an taithí atá agat leis an scoil agus leis an Ghaeloideachas chomh maith.

Alt 3

- Déan plé ar na buntáistí is mó a bhaineann leis an scoil agus le saol na scoile. Gabh siar ar na nótaí atá agat. Luaigh statisticí más féidir. Dá mbeifeá ar son an rúin, bheifeá ag cur níos mó béime ar na míbhuntáistí.

Alt 4

Déan plé ar na míbhuntáistí is mó a bhaineann leis an scoil agus le saol na scoile.

Smaoinigh ar na dóigheanna éagsúla a dtéann sé i bhfeidhm ort agus ar do shaol – staidéar, scrúduithe, strus...

Dá mbeifeá in éadan an rúin, chuirfeá níos mó béime ar na buntáistí.

Conclúid

Amharc ar an rún arís – *'Is aoibhinn beatha an scoláire'*.

I ndiaidh duit na fíricí agus an taighde atá déanta agat a phlé cheana féin, mínigh do bharúil arís. Cuir críoch leis.

Mar fhocal scoir...

Ar an mbéid sin...

Chun críoch a chur leis an phíosa scríbhneoireachta seo, / an óráid seo...

Ar an iomlán...

Mar sin de...

Go bunúsach...